

31.1.2024

A9-0014/85

Leasú 85

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Anja Hazekamp, Manu Pineda
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(-1) Níor cheart, in aon imthoisc, an saol a phaitinniú, i bhfoirm teicnící atáirgthe nó trí sheichimh ghéanóim a phríobháidiú, toisc go rachaidh eolas chun tairbhe do gach duine.

Or. pt

31.1.2024

A9-0014/86

Leasú 86

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Anja Hazekamp, Manu Pineda
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris -1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(-1a) Is saincheist bhunúsach iad ceisteanna eiticiúla a bhaineann le húsáid agus cleachtadh na heolaíochta i réimse na hinnealtóireachta géinití. Ar an gcéad dul síos, ní mór imscrúdú a dhéanamh ar na hiarmhairtí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí sin. Is cinnte go mbeidh sé tábhachtach tuilleadh eolais a fháil faoin tionchar ar an gcomhshaol, ar an aeráid, ar an bhfeirmeoireacht, ar an mbithéagsúlacht agus ar an tslándáil bia. Beidh sé tábhachtach freisin naisc a chothú idir an eolaíocht agus an dul chun cinn a dhéanann sí agus forbairt na talmhaíochta agus na táirgeachta i gcoitinne, gan íobairtí a dhéanamh sa todhchaí agus a áirithiú go mbeidh na roghanna sin de réir phrionsabal an réamhchúraim.

Or. pt

31.1.2024

A9-0014/87

Leasú 87

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Anja Hazekamp, Manu Pineda
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1a) Ní féidir le trádáil i gcineálacha orgánach géinmhodhnaithe a bheith ag brath go díreach nó go hindíreach ar chuideachtaí ilnáisiúnta monaplacha príobháideacha amháin, arb iad na cuideachtaí sin is mó a bhaineann tairbhe as ollúsáid na gcineálacha paitinnithe sin, cás a fhágann go bhfuil feirmeoirí níos spleáiche ar tháirgeoirí síolta agus, dá bhrí sin, a laghdaíonn biacheannasacht agus ceannasacht táirgthe na mBallstát.

Or. pt

31.1.2024

A9-0014/88

Leasú 88

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Anja Hazekamp, Manu Pineda
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1b) Ós rud é go bhfuil eolas faoi airíonna gach géine neamhiomlán agus nach beag líon na n-athróg, ní thuigtear go hiomlán fós an tionchar a bhaineann le teicnící géiniteacha den sórt sin a úsáid agus a leathadh amach ar mórsála ina dhiaidh sin. Baineann saincheist an tsreafa géine le barra nádúrtha nó orgánacha, i.e. barra nach bhfuil géinmhodhnaithe ag daoine, ar barra iad atá ann i dteannta barra géinmhodhnaithe, ós rud é gur minic a bhíonn pailniú ainéimifileach, is é sin gur trí bhíthin na gaoithe a tharlaíonn sé.

Or. pt

31.1.2024

A9-0014/89

Leasú 89

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Anja Hazekamp, Manu Pineda
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1c) Mar thoradh ar úsáid orgánach géinmhodhnaithe, tá úsáid iomarcach á baint as lotnaidicídí agus as leasacháin neamh-indíghrádaithe, rud a d'fhéadfadh torthúlacht laghdaithe na hithreach, tuire agus acmhainn coinneála uisce íseal a bheith ann mar gheall orthu. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach sláine ghéiniteach barr nádúrtha a chosaint, ós rud é go mbíonn tionchar ag an talmhaíocht ar mórsála ar airíonna ithreach ar an hidrisféar, ar an mbithsféar, ar an atmaisféar agus ar an aeráid agus, le himeacht ama, go gcuireann sé le gaineamhlú, rud a chuireann slándáil fhadtéarmach bia i mbaol. Ba cheart, dá bhrí sin, cloí le prionsabal an réamhchúraithe, agus cineálacha nua TGN a dtabhairt isteach.

Or. pt

31.1.2024

A9-0014/90

Leasú 90

João Pimenta Lopes, Sandra Pereira, Anja Hazekamp, Manu Pineda
thar ceann an Ghrúpa The Left

Tuarascáil

A9-0014/2024

Jessica Polfjärd

Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(1d) Ní dhearnadh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag úsáid OGManna agus TGNanna ar bheatha ainmhithe agus ar bhia don duine a mheas go leordhóthanach, go háirithe go fadtéarmach. Ní dhearnadh aon staidéar san Aontas Eorpach lena mbunaítear go cinnitheach na fíorthionchair a bheadh ag cineálacha plandaí den sórt sin a thabhairt isteach ar fheirmeoireacht agus ar bhia.

Or. pt